Cearta CID VS Cearta Painéil

Cearta CID		Cearta Painéil
2 bhliain as a chéile de sheirbhís ábhartha de dhíth sa scoil chéanna		**3 bliana** de sheirbhís ábhartha de dhíth
Tugann sé cearta ar fholúntais inmharthana sa **scoil reatha** amháin agus ní mór go mbeidh folúntas sa scoil		Tugann sé cearta ar fholúntais in **aon scoil** faoin bhForas Pátrúnachta go náisiúnta
Tugann sé cearta ar fholúntais **shealadacha agus bhuana sa scoil reatha**		Tugann sé cearta ar fholúntais **bhuana** amháin in aon scoil
Mura mbeidh folúntas sa scoil do mhúinteoir a thuill cearta an bhliain roimhe, is féidir iarratas a dhéanamh ar an **bpainéal buan**		Mura mbeidh folúntas ar fáil, is féidir bogadh go **painéal eile** nó **cearta a chur ar athló** agus conradh sealadach a ghlacadh

Nóta Tábhachtach:

- Ní mór do scoileanna a bheith cúramach maidir leis an tseirbhís a thuilleann múinteoirí ar chonarthaí sealadacha.
- Má thugtar an dara conradh bliana dhá bhliain as a chéile, is ionann é sin nach mór agus conradh buan a thabhairt mar gheall ar an ardseans cearta CID a thuilleamh ag deireadh bhliain 2 má tá folúntas inmharthana (m.sh. sos gairme, socrú iasachta) ann. Ní sheasann socrú post-roinnte i dtreo chearta CID.
- Roghnaíonn formhór múinteoirí cearta CID.
- Má dhéanann múinteoir iarratas ar an dá rud, cearta CID a bhronnfar orthu. Is féidir le múinteoir cearta CID/painéil a chailliúint má dhéanann siad tairiscint poist ábhartha a dhiúltiú.

Ceist agat?
Déan teagmháil le Cormac (cormac@foras.ie)

AN FORAS PÁTRÚNACHTA